BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

Trócaire

# COTHROIME?

## CUMHACHTÚ NA MBAN I SIARRA LEON



ACMHAINN OIDEACHAIS DON

## IAR-BHUNSCOIL


TAG: E17

# ÁBHAR


| | |
|---|---|
| CONAS AN ACMHAINN A ÚSÁID/NAISC CHURACLAIM | LEATHANACH 3 |
| NÓTAÍ CEACHTA DO MHÚINTEOIRÍ | LEATHANACH 4 |
| CEACHT 1: CAD IAD NA SPRIOCANNA DOMHANDA? | LEATHANACH 6 |
| CEACHT 2: SPRIOC 5 – COTHROIME INSCNE | LEATHANACH 8 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 1 | LEATHANACH 12 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 2 | LEATHANACH 13 |
| CEACHT 3: MNÁ AGUS CAILÍNÍ I SUÍMH ÉIGEANDÁLA | LEATHANACH 14 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 3 | LEATHANACH 16 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 4 | LEATHANACH 17 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 5 | LEATHANACH 19 |
| CEACHT 4: TEACHT ANIAR A SPREAGADH | LEATHANACH 20 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 6 | LEATHANACH 22 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 7 | LEATHANACH 24 |
| BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 8 | LEATHANACH 26 |
| EOLAS BREISE | LEATHANACH 27 |
| BÍ I DTEAGMHÁIL LINN | LEATHANACH 28 |


## OIDEACHAS FORBARTHA AGUS TRÓCAIRE

Is éard is Oideachas Forbartha ann ná próiseas cruthaitheach oideachais a chuireann leis an tuiscint atá againn den saol ina mairimid. Tugann sé dúshlán léargais agus steiréitíopáil tríd an dóchas a spreagadh ionainn ionas go mbeimis gníomhach leis an chóir a chur i bhfeidhm ar domhan.
Tá treoir d’oidí faoin Oideachas Forbartha ar fáil ag: trocaire.org/getinvolved/education/development-education.





Buíochas ó chroí leis na múinteoirí, na foirne, na mic léinn a ghlac páirt sa chlár píolótach agus a chuir leis an acmhainn seo, agus le Finola Cunnane, Eoghan McEvoy, Alan Curran, Louise Mulligan, Ailís Travers ach go háirithe.

Grianghraf Tosaigh: Mark Steadman. Mic léinn ag súgradh i gclós na scoile, Kambia, Siarra Leon.

# CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Fáilte chuig **Cothroime?** an chéad mhír den aistear trí bliana maidir le spriocanna domhanda don fhorbairt inbhuanaithe (SDG). Ar feadh trí bliana beidh na SDG á scrúdú trí iniúchadh a dhéanamh ar ár gcláir thar lear. I dtosach báire breathnóimid ar **Chumhachtú na mBan i Siarra Leon** agus beidh cuid eile de na seacht SDG dhéag á iniúchadh againn, Sprioc 5: Cothroime Inscne, ach go háirithe agus:


- Sprioc 4: Oideachas Ardchaighdeáin
- Sprioc 13: Gníomhú ar son na hAeráide




**Fógra SDG ag Freetown, Siarra Leon. Grianghraf: Stephen Farley, Trócaire.**

Tá na gníomhaíochtaí san acmhainn tras-churaclaim seo in oiriúint do na mic léinn iar-bhunscoile suas go Príomh-chéim 3 agus an idirbhliain. Tá físeáin tacaíochta agus grianghraif eile is fearr a úsáid ar fáil ag: trocaire.org/education/globalgoals. Beidh na mic léinn ag foghlaim maidir le Siarra Leon a fhad is a bhonn na gníomhaíochtaí san acmhainn á dhéanamh acu. Tá breis eolais ar Siarra Leon, agus comhad fíricí tíre ar fáil ar an suíomh idirlín.

# NAISC CHURACLAIM AGUS RÉIMSE ÁBHAR




BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

Tá pacáiste acmhainní curtha le chéile ag an fhoireann Eaglasta le húsáid sa pharóiste nó le grúpaí pobail, agus is féidir é a úsáid sa seomra ranga. Is féidir le séiplínigh scoile agus oidí Oideachas Reiligiúnach feidhm a bhaint as chomh maith. Is féidir é sin agus Turas na Croise atá bunaithe ar Siarra Leon a íoslódáil ag: trocaire.org/resources/parishes.

Tá acmhainní atá mar chuid de **Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2018**, ar fáil ag: catholicschools.ie/post-primary-school-resources-csw-2018.

# NÓTAÍ CEACHTA DO MHÚINTEOIRÍ

**Tá ceithre cheacht san acmhainn seo. Leanann gach ceacht ar feadh nócha nóiméad, thar cheithre sheisiún leanúnacha. Is féidir na gníomhaíochtaí agus na ceachtanna a úsáid mar aonaid neamhspleácha más gá, nó iad a thabhairt isteach i gceachtanna nó i scéimeanna níos leithne a bhainfeadh leis na hábhair éagsúla. Tugtar breac-chuntais ar na ceachtanna thíos.**

## ÍOCÓIN ACMHAINNÍ

- RÍOMHAIRE & TEILGEOIR
- PEANN AGUS PÁR
- GRIANGHRAIF SDG
- ÁBHAR EALAÍNE
- ROCHTAIN IDIRLÍN
- FÓGRAÍ ‘INSCNE’ & ‘GNÉAS’
- NUACHTÁIN AN DOMHNAIGH
- BILEOG EOLAIS
- ATLAS
- FÍSEÁIN IAR-BHUNSCOILE

## AN DUAIS ROMERO

Bí gníomhach agus tarraing aird ar chothroime inscne agus ar chumhachtú na mban leis na daltaí!

Istigh leis an acmhainn seo tá bileog a thugann eolas maidir le duais Romero, fiontar úr ‘Trócaire’ do scoileanna atá bunaithe ar obair Oscar Beannaithe Romero (tá breis eolais ar an mbileog).



Gníomhaíochtaí a bhainfeadh le duais **Romero**, beidh an t-íocón seo in aice leo.

Tá breis eolais ar fáil ag: trocaire.org/romeroaward nó ó: elisha.kelly@trocaire.org.

### CEACHT 1: CAD IAD NA SPRIOCANNA DOMHANDA?

Cabhraíonn an ceacht seo leis na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar na spriocanna domhanda, agus iad a mheas i gcomhthéacs na forbartha thar lear. Ní gá go mbeadh na spriocanna ar fad ar eolas de ghlanmheabhair acu, ach go ndéanfaidís machnamh ar:

- an tábhacht a bhaineann le seit spriocanna a bheith ann
- an bhrí a bhaineann le ‘uilíocht’
- an nasc a cheanglaíonn na spriocanna lena chéile

Beidh na grianghraif SDG ag teastáil don cheacht seo. Is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh ‘Trócaire’: (trocaire.org/education/globalgoals/postprimary), nó cruachóip a lorg ó Mary Boyce (mary.boyce@trocaire.org nó: +353 1 5053291).

# NÓTAÍ CEACHTA DO MHÚINTEOIRÍ

### CEACHT 2: SPRIOC 5 – COTHROIME INSCNE

Sa cheacht seo beifear ag iarraidh ar na daltaí sprioc áirithe, sé sin, Sprioc 5: Cothroime Inscne, a iniúchadh, agus fáthanna a lua le go mbíonn gá leis an sprioc úd. Sa cheacht seo:

- Smaoinigh ar an téarma 'inscne' murab ionann é agus 'gnéas'
- Cad iad na háiteanna ina gcruthaítear neamhionannas de bharr steiréitíopáil inscne
- Scrúdaigh saghsanna éagsúla cumhachtaithe. Ní féidir na spriocanna domhanda a phlé ina n-aonar

**Nóta:** *Luaitear ciorrú baill ghiniúna ban (FGM) san acmhainn seo. Ba cheart a bheith tuisceanach maidir leis an gceist íogair seo má luaitear sa seomra ranga é. Bí ag smaoineamh ar aois na ndaltaí agus ar an gcomhdhéanamh ilchineálach a bhaineann le ranganna áirithe. Is féidir leis an oide rogha pearsanta a dhéanamh maidir leis an gceist sin a ardú.*

### CEACHT 3: MNÁ AGUS CAILÍNÍ IN EACHTRAÍ ÉIGEANDÁLA– SIARRA LEON

Sa cheacht seo beifear ag breathnú ar eachtraí éigeandála agus ar ghéarchéimeanna daonnúla ionas go mbíonn ardú ar an mbaol do na mná agus do na páistí dá bharr. In amanna mar seo tagann méadú thar cuimse ar an bhforéigean gnéasach agus ar bhásanna na mban a bhíonn ag iompar clainne. Is minic nach mbíonn seirbhísí bunúsacha sláinte atáirgthe ar fáil, – cúram réamhbhreithe, saolú cuidithe, ná seirbhís éigeandála chnáimhseachais ar fáil. Méadaítear ar an mbaol do dhaoine óga ón ngalar HIV agus ón mhí-úsáid ghnéasach. Éiríonn mná óga torrach faoi choinníollacha nach mbíonn fabhrach dóibh, gan mórán tacaíochta nó comhairle a bheith acu.

Sa cheacht seo beidh na mic léinn ag iarraidh:

- tuiscint a bheith acu gurb é dínit dhúchasach an duine an chéad rud a chailltear in am éigeandála
- tuiscint a bheith acu go dtéitear i ngleic le heachtraí mar seo le beatha an duine a shábháil ar an gcéad dul síos agus le dínit an duine a shábháil ina dhiaidh sin
- staidéar a dhéanamh ar eachtraí éigeandála Siarra Leon agus ar an fhreagairt a tugadh orthu

### CEACHT 4: TEACHT ANIAR A THÓGÁIL TRÍ MHNÁ SIARRA LEON A CHUMHACHTÚ

Spreagfar na daltaí sa cheacht seo le machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí cumhachtú na mban agus cothroime inscne a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm go foirfe go fadtéarmach. Déanfar staidéar ar chláir áirithe a mbíonn Trócaire ag tacú leo i Siarra Leon. Déanfar anailís agus spreagfar tuiscint ar an mbealach inar cuireadh na cláir seo i bhfeidhm, agus conas mar a chabhraíonn siad le cumhachtú na mban ionas gur féidir leo smacht a bheith acu ar ghnéithe éagsúla na beatha dóibh féin.

Sa cheacht seo beidh na mic léinn ag machnamh ar:

- An tábhacht a bhaineann le mná óga Siarra Leon a bheith ag plé ceisteanna a bhaineann lena saol féin
- Straitéisí a chur i bhfeidhm ionas go mbeadh saoirse feabhsaithe geilleagair ag na mná
- Bealaí oibre domhanda a laghdódh an leithcheal i leith na mban

# CEACHT 1: CAD IAD NA SPRIOCANNA DOMHANDA?

1

**ACMHAINNÍ LE HÚSÁID SA CHEACHT SEO**

## GNÍOMHAÍOCHT 1: RÉAMHRÁ: SPRIOCANNA DOMHANDA DON FHORBAIRT INBHUANAITHE

15 Nóim

**Céim 1:** Féach ar an bhfíseán: 'Malala introducing the World's Largest Lesson' ag: trocaire.org/globalgoals.

1. Ainmnigh dhá fhadhb mhóra a luaitear san fhíseán. Tabhair dhá phíosa bhreise eolais fúthu.
2. Cén 'sárchumhacht' atá ag an gcine daonna?
3. Cén plean atá againn?
4. Cé mhéad sprioc atá ann?
5. Cad é an spriocdháta le hiad a bhaint amach?
6. Cad é an chéad rud a dhéanfar?

**Freagraí:** 1) Athrú Aeráide & Neamhionannas; 2) Cruthaitheacht; 3) Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe; 4) 17; 5) 2030; 6) Iomrá Mór a chur leis na Spriocanna



## GNÍOMHAÍOCHT 2: 'NÁ FÁG DUINE AR CHÚL' GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE GRIANGHRAIF

30 Nóim

**Céim 1:** Tá trí chrann taca leis na Spriocanna Domhanda: An Troid in aghaidh Neamhionannais, Deireadh le Bochtaineacht, Cosain an Pláinéad. Taispeáin na teidil ar an gclár bán nó ar an mballa sa seomra ranga.

**Céim 2:** Scaip na grianghraif amach ar an mbord, ar an talamh nó greamaigh leis an mballa iad. Iarr ar na daltaí i bpéirí más maith libh, grianghraf a roghnú agus a rá cén crann taca lena mbaineann sé. Caithfidh siad an fáth leis an rogha a mhíniú.

**Céim 3:** Is uilíoch iad na seacht sprioc déag, baineann siad leis an uile thír. Iarr ar na daltaí a rá an bhfuil na spriocanna le baint amach sa Domhan Thuaidh (forbartha) nó sa Domhan Theas (i mbéal forbartha), nó sa dá áit. Déan plé a chuireann san áireamh go gcaithfidh gach duine ar domhan a bheith páirteach san iarracht na spriocanna a bhaint amach.

# CEACHT 1: CAD IAD NA SPRIOCANNA DOMHANDA?

1

## GNÍOMHAÍOCHT 3: CAS AN ROTH

15 Nóim

**Céim 1:** Tá roth do na Spriocanna Domhanda ar fáil ag: trocaire.org/globalgoals.

**Céim 2:** Cuir na mic léinn i bpéirí, abair leo SDG a roghnú ón roth. Nuair a roghnaítear an SDG, tabhair 5 nóiméad dóibh na ceisteanna seo a fhreagairt. Bíodh an liosta iomlán SDG ar taispeáint mar ábhar tagartha

1. Cén fáth gurb é sin an sprioc is tábhachtaí?
2. Ainmnigh dhá spriocanna eile atá ceangailte leis.
3. Cén rud amháin a dhéanfaí in Éirinn leis an sprioc sin a bhaint amach?
4. Cén rud amháin a dhéanfaí go hidirnáisiúnta leis an sprioc sin a bhaint amach?




## GNÍOMHAÍOCHT 4: GO MBAINE IOMRÁ MÓR LEIS NA SPRIOCANNA

30 Nóim

Baineann tábhacht le haird an domhain a tharraingt ar na Spriocanna Domhanda. Iarr ar na daltaí bealach amháin a ainmniú ina bhféadfaí na spriocanna a chur os comhair phobal na scoile, roimh na daltaí is óige ach go háirithe. Is féidir póstaeir, colláis, tionól scoile, léiriú ranga nó smaoineamh maith ar bith eile a bheadh ag na daltaí iad féin a úsáid. An bhféadfadh na mic léinn smaoineamh ar bhealaí úra leis an scéal a scaipeadh i measc na mac léinn is óige? An bhféadfaí na spriocanna a scaipeadh ar na meáin shóisialta?



Bheadh an ghníomhaíocht seo oiriúnach do dhuais **Romero**.

# CEACHT 2: SPRIOC 5 – COTHROIME INSCNE

2

ACMHAINNÍ LE HÚSÁID SA CHEACHT SEO

1+2

# BAIN COTHROIME INSCNE AMACH AGUS DÉAN GACH BEAN AGUS GACH CAILÍN A CHUMHACHTÚ


## GNÍOMHAÍOCHT 1: 'INSCNE' NÓ 'GNÉAS': DÍOSPÓIREACHT SIÚLACH

10 Nóim

**Céim 1:** Cuir na focail 'inscne' agus 'gnéas' ar bhallaí ar aghaidh a chéile sa seomra ranga. Léigh na ráitis thíos agus iarr ar na daltaí a rá an mbaineann siad le gnéas nó le hinscne trí sheasamh in aice leis an bhfógra sin. Mura mbíonn siad cinnte de, is féidir seasamh sa lár.

1. Beirtear leanaí do na mná. **GNÉAS**
2. Tá níos mó tógálaithe fireann ná baineann in Éirinn. **INSCNE**
3. Don uile $1 a thuilleann fir ar domhan, tuilleann mná 70-90 cent. **INSCNE**
4. An ailse cheirbheacs nó chíche an ailse is mó a ghoilleann ar mhná. **GNÉAS**
5. Níl ach 5% de chéimithe domhanda na mban mar innealtóirí nó a leithéidí, i gcomparáid le 20% de chéimithe na bhfear. **INSCNE**
6. Briseann guthanna na bhfear um chaithreachas, ní guthanna na mban. **GNÉAS**
7. Is féidir le mná cothú cíche a dhéanamh, déanann na fir beathú buidéil. **GNÉAS**
8. Is mná iad faoi bhun 4% CEO na 500 corparáid is mó ar domhan. **INSCNE**
9. Ní ghoileann buachaillí. **INSCNE**
10. Maireann mná níos faide ná fir, ar an meán. **GNÉAS**

Tagann na staitisticí ó: unstats.un.org/unsd/gender/worldswomen.html



# CEACHT 2: SPRIOC 5 – COTHROIME INSCNE

2

## GNÍOMHAÍOCHT 2: STEIRÉITÍOPÁIL INSCNE

20 Nóim

Fásann an fhéiniúlacht inscne agus iompair ionainn de réir mar a théimid in aois, agus bíonn tionchar mór ag an gcultúr orainn, ag an timpeallacht, ag *mores* na sochaí agus ar an iompar is oiriúnaí d'fhir nó do mhná, dar le daoine eile. Tagann athrú ar an tuiscint a bhíonn ag daoine maidir le hinscne ag brath ar an gcultúr, athraíonn sé ó am go ham. An rud is dual d'fhir nó do mhná i gcultúr amháin, seans nach nglacfaí leis i gcultúr eile.

**Steiréitíopáil inscne:** Tarlaíonn an steiréitíopáil inscne nuair a bhronntar róil agus tréithe ar dhaoine atá bunaithe go hiomlán ar inscne. Is féidir leis an steiréitíopáil inscne srian a chur le forbairt agus leis na buanna nádúrtha a bheadh ag cailíní nó ag buachaillí, ag fir nó ag mná. Is féidir go gcuirfí srian le taithí oideachais, taithí oibre, nó deiseanna saoil chomh maith.

eige.europa.eu/rdc/thesaurus/terms/1222

**Céim 1:** An féidir leis na mic léinn an steiréitíopáil a bhaineann le saol na hÉireann a lua? Mar shampla:

- Bíonn buachaillí ceanúil ar an dath gorm, is fearr leis na cailíní an dath bándearg
- Bíonn mná níos fearr mar thuismitheoirí
- Bíonn mná níos fearr mar altraí
- Bíonn fir níos fearr mar lucht múchta dóiteán

Téigh níos doimhne sa scéal:

- Cén fáth go mbíonn an steiréitíopáil seo ar siúl go fóill?
- An gceapann gach duine a leithéidí nó aicmí áirithe den phobal?
- An dtacaíonn na meáin leis an steiréitíopáil?
- Conas mar is féidir an steiréitíopáil seo a dhíbirt ó shochaí na hÉireann?

**Céim 2:** Déan grúpaí de cheathrar nó cúigear as an rang. Bíodh nuachtáin an Domhnaigh agaibh. Iarr ar na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar na meáin, ar an gclúdach a tugadh do na mná an lá sin. Tabhair nuachtán amháin tablóideach agus ceann mórbhileog don uile ghrúpa. Líon isteach an teimpléad a bhaineann le Bileog Eolais na Mac Léinn 1.

**Céim 3:** Freagair na ceisteanna:

1. Ar tugadh an clúdach céanna d'fhir agus do mhná i nuachtáin an Domhnaigh?
2. Ar thacaigh aon alt leis an steiréitíopáil inscne? Más ea, tabhair míniú.
3. Ar chabhraigh aon alt leis an steiréitíopáil inscne a dhíbirt? Más ea, tabhair míniú.
4. An dóigh libh go mbíonn deiseanna cothroma oibre d'fhir agus do mhná sna meáin? Mínigh an freagra trí thagairt a dhéanamh don eolas a cruinníodh ón iniúchadh a rinne sibh.

# **CEACHT 2: SPRIOC 5 – COTHROIME INSCNE**

2

## GNÍOMHAÍOCHT 3: CUMHACHTÚ NA MBAN IS NA GCAILÍNÍ

40 Nóim

Ionas go mbeidh Cothroime Inscne i bhfeidhm faoin mbliain 2030, de réir Sprioc 5, caithfear mná agus cailíní an domhain a chumhachtú. Is éard is cumhachtú ann ná **'an próiseas a thugann neart agus féinmhuinín do dhaoine le smacht a bheith acu ar a saol agus ar a gcuid cearta a lorg'**. Leagann Sprioc 5 amach na naoi sprioc is mó le baint amach, baineann siad le gach aon ghné den saol.

**Céim 1:** Léigh amach an sainmhíniú ar chumhachtú do na daltaí agus bí cinnte faoi go dtuigtear é. An féidir leo saghsanna éagsúla cumhachtaithe a mholadh a chabhródh leis na mná agus leis na cailíní smacht feabhsaithe a bheith acu ar a saol. (Is féidir na trí shórt den chumhachtú a luaitear i gCéim 2 a thabhairt dóibh mura mbíonn tuairim ar bith acu.)

**Céim 2:** Roinn an rang i ngrúpaí ceathrar nó cúigear. Iarr orthu ceann den na saghsanna cumhachtaithe a iniúchadh. Beidh marcóir agus leathanach smeach-chairt an ghrúpa uathu. Scríobh ainm an chumhachtaithe i lár an leathanaigh.

1. Cumhachtú eacnamaíoch
2. Cumhachtú sóisialta
3. Cumhachtú polaitiúil

Caithfidh gach grúpa a rá conas a bhainfear amach na spriocanna a tugadh dóibh. Mar shampla, chiallódh an **cumhachtú sóisialta** go dtabharfadh na nuachtáin níos mó spáis do spórt na mban, rud a chuirfeadh eiseamláirí cumhachtacha ar fáil ionas go nglacfadh na mná páirt níos iomláine i gcúrsaí spóirt. Ba cheart go lorgófaí an oiread smaointe agus is féidir agus iad a chur os comhair an ranga.

**Céim 3:** Roghnódh na daltaí dhá nó trí smaoineamh ón leathanach. Iarr orthu spriocanna a aithint a mheasfadh éifeacht na moltaí sin. D'fhéadfaí díriú ar mhéid áirithe alt maidir leis na mná sa spórt, nó díriú ar uimhir na mban a imríonn spórt áirithe a mhéadú.

**Céim Bhreise:** Téigh go: sustainabledevelopment.un.org/sdg5 agus féach ar na spriocanna agus an táb leideoirí do Sprioc 5 don Fhorbairt Inbhuanaithe: Bain Cothroime Inscne amach agus déan gach aon chailín agus bean a chumhachtú. Tá Éire i measc na 193 tír a chláraigh leis na spriocanna a bhaint amach. Taispeáin na spriocanna do na daltaí (cóipeanna crua nó clár bán). An bhfuil spriocanna na ndaltaí ar aon dul leis na spriocanna oifigiúla? Conas a réitíonn na spriocanna oifigiúla leis na trí ábhar chumhachtaithe a ndearna na daltaí scrúdú orthu (eacnamaíoch, sóisialta agus polaitiúil)? Cad iad na spriocanna oifigiúla is mó a bhainfeadh le pobal an Domhain Theas?

**Nóta:** *Baineann teanga chasta leis na spriocanna oifigiúla. Déan iad a léamh roimh ré agus is féidir cinneadh a dhéanamh ansin maidir leis an teanga oifigiúil a úsáid má oireann sí don aoisghrúpa atá agat,* ***sula*** *dtugann sibh faoin chéim bhreise.*

**Céim 4:** Déan grúpaí beaga daltaí. Tabhair Bileog Eolais na Mac Léinn 2 (fótachóip ar A3) dóibh. Bainidís úsáid as an eolas a fuarthas ón obair roimhe sin ar SDG, le meabhairmhapa a chruthú a léiríonn go gcabhróidh an obair ar spriocanna eile le Sprioc 5 a chur i gcrích. Tá sampla de nasc ar an mbileog eolais. Spreag na daltaí leis an íocón SDG a chur isteach, agus míniú gearr faoin nasc ar an leathanach. Is féidir saothar ealaíne a dhéanamh as, le cur isteach ar dhuais **Romero**, más féidir.



# CEACHT 2: SPRIOC 5 – COTHROIME INSCNE

2

## GNÍOMHAÍOCHT 4: HEFORSHE: GLUAISEACHT DHOMHANDA DON CHOTHROIME INSCNE

20 Nóim

**Céim 1:** Féach ar an bhfíseán: 'Emma Watson HeForShe at the United Nations': vimeo.com/107293059

**Nóta:** *Breathnaigh ar an bhfíseán ina iomláine roimh ré, le do thoil, le cinntiú go bhfuil sé in oiriúint don aoisghrúpa mac léinn lena mbíonn tú ag obair.*

Iarr ar na daltaí breathnú ar an bhfíseán agus an dá phíosa oibre thíos a dhéanamh. Déan na freagraí a phlé leis an rang.

**Tasc 1:** Déan achoimre den mhéid a bhí le rá ag Emma Watson agus luaigh na fíorais gur cuid suntais iad. Bí cinnte faoi aird a dhíriú ar na pointí thíos mura luann na daltaí iad:

- Cuir deireadh le neamhionannas inscne
- Caithfidh na fir agus na buachaillí a bheith gníomhach ar son an athraithe
- Creideann Feimineachas go bhfuil na cearta cothroma céanna ag fir agus ag mná
- Caithfear pá comhionann ar obair chomhionann a bheith i bhfeidhm
- Cearta na mBan = Cearta Daonna

**Tasc 2:** Iarr ar na daltaí aiseolas a thabhairt maidir leis an mbealach inar labhair Emma Watson. An raibh rudaí ina leith agus ina éadan sa bhealach inar labhair sí leis an lucht féachana agus chuig ceamara? An bhfuil bealaí níos leithne ann ina scaipeann sí an teachtaireacht mar gheall ar Chothroime Inscne?

**Céim 2:** Iarr ar na daltaí dul go dtí an suíomh: heforshe.org agus féachaint conas is féidir leo féin a bheith páirteach san fheachtas.




**Emma Watson agus Forest Whitaker. Grianghraf: HeForShe.**

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 1: INIÚCHADH AR NA MEÁIN

2

| Ainm an Nuachtáin<br>____________ | Méid scéalta faoi na fir | Topaicí scéalta na bhfear | Iriseoir fireann nó baineann | Méid scéalta faoi na mná | Topaicí scéalta na mban | Iriseoir fireann nó baineann |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ailt Nuachta | | | | | | |
| Ailt Spóirt | | | | | | |
| Iris | | | | | | |
| Ailt eile:<br>____________ | | | | | | |
| Ailt eile:<br>____________ | | | | | | |

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 2: CONAS SPRIOC 5 A BHAINT AMACH

2

16 AN TSÍOCHÁIN, AN CHÓIR AGUS INSTITIÚIDÍ LÁIDRE

Spreag tíortha an domhain le cosc a chur le FGM. Bí cinnte faoin dlí a chur ar aon duine a thugann neamhaird ar an gcosc, de réir chóras dlí na tíre

5 COTHROIME INSCNE

# CEACHT 3: MNÁ AGUS CAILÍNÍ I SUÍMH ÉIGEANDÁLA– SIARRA LEON

3

## ACMHAINNÍ LE HÚSÁID SA CHEACHT SEO

3+4+5

### GNÍOMHAÍOCHT 1: COMHAD FÍRICÍ SIARRA LEON

30 Nóim

**Céim 1:** Tabhair cóip de 'Bileog Eolais na Mac Léinn 3' don uile dhalta. Iarr orthu an t-eolas a líonadh isteach maidir leis an gcomhad fíricí tíre. Beidh rochtain ar an idirlíon ag teastáil don ghníomhaíocht seo. Is féidir an ghníomhaíocht a bheith leagtha amach mar obair bhaile más maith libh, mar ullmhúchán don cheacht féin.

**Suímh oiriúnacha:**

Innéacs faoin domhan sona: happyplanetindex.org/

Innéacs faoin fhorbairt dhaonna (HDI): hdr.undp.org/en/composite/HDI

**Céim 2:** Déan na gnéithe éagsúla den chomhad fíricí a phlé leis na daltaí. Iarr orthu na fíricí faoi Siarra Leon a chur i gcomparáid leis an eolas atá acu faoi Éirinn, nó faoi tír eile más rud é gur tháinig siad le déanaí chun na tíre seo.

**Céim 3:** Cad iad na tomhais a úsáidtear maidir leis na hinnéacsanna HDI agus Happy Planet a mheas?

HDI: Ionchas saoil, blianta scolaíochta, Ollioncam Náisiúnta (GNI) per capita.

Innéacs Domhan Sona: Bain úsáid as an léaráid ar dheis.

Cén fáth a bhfuil rangú íseal ag Siarra Leon, dar leis na daltaí? Cá bhfuil Éire ar an rangú? Cén innéacs is fearr le húsáid dar leis na daltaí? An mbeadh ábhar eile le cur le hinnéacs? Déan ransú smaointe ar bhealaí eile leis an fhorbairt a mheas (ráta breithe, básráta, daoine per dochtúir). Cuir na torthaí ar taispeáint.

**Folláine:** Cé chomh sásta leis an saol agus atá daonra na tíre, ar ráta ó 0 - 10 bunaithe ar shonraí ó Gallup World Poll.

**Ionchas saoil:** An méid bliana saoil ar an meán sa tír bunaithe ar shonraí ó na Náisiúin Aontaithe.

**Éagothroime thorthaí:** Baineann siad le héagothroime ó thaobh ionchais saoil sa tír, ó thaobh éagothroime folláine measta, bunaithe ar na torthaí thuas agus tugtha mar chéatadán.

**Lorg éiceolaíoch:** An tionchar ar an meán a bhíonn ag an saoránach ar an gcomhshaol, bunaithe ar shonraí ó Global Footprint Network. Tugtar an Lorg éiceolaíoch in aonaid chaighdeánaithe: heicteáir dhomhanda (GHA) an duine.

**Céim 4:** Déan grúpaí beaga daltaí agus iarr orthu a gcuid innéacsanna forbartha féin a chruthú. Cad a chuirfidís san innéacs a dhéanfadh meastachán cruinn den ráta forbartha sa tír? Is féidir cuid de na tomhais tugtha cheana féin a úsáid, chomh maith le cinn úra. Caithfear na torthaí a chur os comhair an ranga.

### GNÍOMHAÍOCHT 2: STAIDÉAR CÁIS: SLEAMHNÚ LÁIBE

15 Nóim

**Céim 1:** Tabhair Bileog Eolais na Mac Léinn 4 amach. Déanann na mic léinn an t-eolas a léamh agus na ceisteanna a fhreagairt mar aon rang amháin.

# CEACHT 3: MNÁ AGUS CAILÍNÍ I SUÍMH ÉIGEANDÁLA– SIARRA LEON

3

## GNÍOMHAÍOCHT 3: DÍNIT AN DUINE

20 Nóim

**Céim 1:** Féach an beochan gearr faoin teagasc sóisialta Caitliceach (CST) agus dínit an duine: youtube.com/watch?v=8zhtPDXRthM
Léigh amach an sainmhíniú seo ar dhínit an duine:

**'Tógtar in íomhá Dé sinn. Seo an tús a bhaineann leis an teagasc sóisialta Caitliceach. Baineann an dínit chéanna leis an uile dhuine, agus tá na cearta cothrom céanna againn toisc gur de chlann Dé gach duine againn. Is bronntanas ó Dhia é dínit an duine, ní féidir é a bhaint dínn. Is féidir le gníomhartha an duine eile ár gcuid dínite a fheabhsú nó a laghdú.'**

**Céim 2:** Déan plé leis na daltaí maidir leis an tuiscint atá acu faoi dhínit an duine. An bhfuil cosúlachtaí nó difríochtaí ann idir an sainmhíniú agus a gcuid tuairimí féin? Déan péirí astu agus abair leo dínit an duine a mhíniú i níos lú ná fiche focal. Déan grúpaí beaga de na péirí, cuir na mínithe le chéile agus déan míniú amháin a lorg ón ngrúpa. Lean leis an nós sin go dtí go mbíonn míniú amháin ann a shásaíonn dearcadh an ranga.

## GNÍOMHAÍOCHT 4: MAINGÍNÍ DÍNITE

25 Nóim

**Céim 1:** Mínigh. Ceann de na bealaí ina ndéantar dínit na mban is na gcailíní a chosaint in am éigeandála (m. sh. sleamhnú láibe Siarra Leon) ná maingíní dínite a chur ar fáil dóibh.

**Céim 2:** Bunaithe ar shainmhíniú dhínit an duine a roghnaigh an rang, agus ag smaoineamh ar na mná agus ar na cailíní a ndearnadh dochar dóibh i dtubaiste, cad iad na rudaí a bheadh istigh sa mhaingín dínite, dar leo? Déan grúpaí beaga sa rang, iarr orthu a liosta féin a dhéanamh d'ábhar an mhaingín, agus an liosta a chur os comhair an ranga ansin.

**Nóta:** *Má bhíonn daltaí óga faoi do chúram agat, is féidir díriú ar an bpobal ina iomláine a ndearnadh dochar dóibh, seachas ar mhná nó ar chailíní amháin.*

**Céim 3:** Mínigh. Ní bhíonn an maingín dínite níos mó ná mála siopadóireachta, agus caithfear tús áite a thabhairt don ábhar is práinní a bheadh ag teastáil. Cad iad na critéir dhearbhthosaíochta a bheadh le cur i bhfeidhm, dar leo? (Aeráid? Cultúr? Creideamh?)

**Céim 4:** Léigh amach ábhar an mhaingín dínite i mBileog Eolais na Mac Léinn 5 (nó tabhair fótachóip dóibh) agus mínigh dóibh gur tugadh amach é mar fhreagairt 'Trócaire' ar an sleamhnú láibe i Freetown, Siarra Leon. An raibh ionadh ar na daltaí faoi rud ar bith a bheith istigh? An dtuigeann siad cén fáth a raibh an t-ábhar sin istigh? An aontaíonn siad leis an ábhar? Díríodh na maingíní seo ar na mná agus ar na cailíní ar an gcéad dul síos. Cad chuige, an dóigh libh?



**Leoraí seachadta maingíní dínite, Siarra Leon. Grianghraf: Trócaire.**

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 3: COMHAD FÍRICÍ TÍRE: SIARRA LEON

3

**Príomhchathair:**

**Daonra:**

**Ilchríoch:**

**Tíortha Imill:**

**Farraigí/Aigéin Imill:**

**Bratach:**

**Teangacha a Labhraítear:**

**Creidimh is mó ó thaobh % daonra:**

**Léarscáil:**

**Rangú ar innéacs (HDI):**

**Rangú ar innéacs Domhan Sona:**

**Gnéithe aiceanta (aibhneacha, locha, sléibhte, gleannta):**

**Easpórtáil is mó:**

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 4: TRÓCAIRE I SIARRA LEON: PRÁINNFHREAGAIRT - SLEAMHNÚ LÁIBE

3

Tá an obair is mó a dhéanaimid i Siarra Leon dírithe ar chumhachtú na mban, ach nuair a tharlaíonn eachtraí mar chogadh cathartha (1991 - 2002), agus scaipeadh an ghalair Ebola (2014 - 2015) is é an phráinnfhreagairt an rud is tábhachtaí le déanamh.

I mí Lúnasa 2017 tháinig na tuilte agus an sleamhnú láibe anuas ar imeall na príomhchathrach Freetown. D'fhulaing an pobal go mór ó thubaistí den saghas céanna go minic roimhe sin. Fachtóirí nádúrtha agus daonna a chuir leis an tubaiste seo, agus scriosadh saol na céadta teaghlach dá bharr. Thit báisteach throm ar na sléibhte, áiteanna a bhí go mór faoi thionchar dhíchoilltiú agus ró-fhorbairt cheana féin.

Chuir an sleamhnú láibe go mór isteach ar Sia Fanta agus ar a muintir. Cailleadh an teach agus an mhaoin shaolta, chomh maith le doiciméid oifigiúla. Scriosadh an scoil áitiúil. Cé gur éirigh léi freastal ar scoil eile cruthaíodh fadhbanna go leor do Sia Fanta. Ní mhúintear an siollabas i gceart ansin, agus dá bhrí sin ní bheidh sí ullamh do na scrúduithe stáit. An chailliúint is mó atá uirthi ná na doiciméid scoile – ní thabharfar cead di na scrúduithe stáit a dhéanamh dá uireasa. Caithfidh an cruthú a bheith aici le taispeáint roimh ré. Deir Sia Fanta go bhfuil an rialtas suite air, na doiciméid chearta a fheiceáil sula dtabharfaí cead isteach chuig an gcéad scrúdú eile di.



**Breathnaíonn Sia Fanta (15) agus a deartháir Saha (14) ar an scrios a rinne an sleamhnú láibe. Grianghraf: Mark Steadman.**

Tuigeann Sia Fanta go bhfuil ábhar buartha eile ag mná Siarra Leon, agus is fadhb mhór é toircheas na ndéagóirí, rud atá ceangailte leis an easpa oideachais. Níor mhaith le Sia a bheith torrach, b'fhearr léi leanúint leis an scolaíocht agus saol níos fearr a chruthú di féin. Tá cara léi ag iompar faoi láthair, agus níl sí ag freastal ar an scoil. Ba mhaith le Sia Fanta a bheith ina dochtúir, creideann sí go bhfuil comhdheiseanna ann do na mná agus do na fir a leithéid a dhéanamh más féidir leo an scolaíocht cheart a fháil. Creideann sí go dtiocfadh feabhas ar chúrsaí dá mbeadh níos mó ban ag dul le polaitíocht, go mbeidís ar thaobh na mbocht agus na ndaoine i ngátar.



**Foireann 'Trócaire' (Michael Solis & Ella Syl-MacFoy) ag dáileadh maingíní dínite do dhaoine a chaill tithe agus teaghlach i sleamhnú láibe Regent, 14 Lúnasa 2017. Grianghraf: Trócaire.**

Scaradh Sia Fanta óna muintir de bharr na tubaiste. Tugadh a máthair agus a deirfiúr Fatu go dtí an t-ospidéal áitiúil toisc gur gortaíodh cos Fatu nuair a bhí sí ag iarraidh éalú ón sleamhnú láibe. Tá Sia ag cur fúithi faoi láthair ag an áras leanaí in éineacht lena muintir. Ní maith an riocht ina bhfuil siad, ach tá siad buíoch de bheith beo, toisc gur maraíodh beirt fhear óga a bhí ag fanacht sa teach leo. Tháinig siad ón tuath ag lorg oibre, ní bhíonn puinn oibre ar fáil don óige ansin. Bhí athair Sia Fanta, Sahr, ag múineadh scileanna tógála dóibh, agus ag iarraidh obair a fháil dóibh. Cailleadh na céadta eile taobh istigh de chúpla nóiméad nuair a bhuail an tubaiste iad.

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 4: TRÓCAIRE I SIARRA LEON: PRÁINNFHREAGAIRT - SLEAMHNÚ LÁIBE

3

Labhair Michael Solis, bainisteoir cláir 'Trócaire' i Siarra Leon, i ndiaidh an tsleamhnaithe láibe maidir leis an ngruaim a bhí ar fud na cathrach, díreach mar a bhí le linn chogadh cathartha 1991-2002 agus le linn ghéarchéim Ebola. Ba iad na mná agus na cailíní is mó a bhí i mbaol, dar leis. Fágadh go leor páiste gan dídean agus bhí géarghá le cosaint agus le lóistín a chur ar fáil dóibh.

Dhearbhaigh Michael go raibh baol leanúnach ann go gcuirfeadh a thuilleadh tuilte isteach ar phobal Freetown agus labhair sé mar gheall ar fháthanna na tubaiste.



**Cuireann Trócaire tacaíocht shíceasóisialta ar fáil do dhaoine a d'fhulaing ón sleamhnú láibe. Grianghraf: David O'Hare, Trócaire.**

'Bhí báisteach leanúnach ann, rud a chuir go mór leis an fhadhb, leis an mbaol go dtarlódh tuilleadh sleamhnú láibe agus tuilte chomh maith, agus leis an deacracht a bhí ann rochtain a fháil ar an gceantar faoi réir. Talamh droimneach atá ann agus daoine ag déanamh suiteoireachta ansin gan chead. Is beag infreastruchtúr atá ann, níl rialachán tithíochta ar bith a bhaineann leis. Tá go leor fadhbanna roimh na daoine atá gan dídean.

Tá baol mór ann ó na galair uisce-iompartha, le galar ceantrach calair ar fud na háite, agus ní aon chabhair é an córas lochtach sláinte, ach a mhalairt. Tá dreach brónach ar an bpobal, ach fonn mór orthu chomh maith, na deacrachtaí seo a shárú.'

Cuireann Trócaire agus a chuid páirtithe tacaíocht ar fáil i Siarra Leon don phobal i ngátar:

- Soláthar bia agus maingíní dínite
- Tacaíocht shíceasóisialta (le déileáil le tráma síceolaíochta)
- Botháin eolais agus foirne for-rochtana (eolas riachtanach a thabhairt, seirbhísí ábhartha a chur ar fáil do theaghlaigh a ndearnadh dochar dóibh)
- Maingíní scoile

Baineann tábhacht leis na maingíní scoile – bíonn málaí scoile, pinn, leabhair agus eile iontu, ionas gur féidir le páistí áirithe filleadh ar an scoil. Is gá tacaíocht riachtanach eile a chur ar fáil chomh maith ionas gur féidir le daoine ioncaim a bheith acu le saol normálta a chaitheamh.

Ní dhéanfar dearmad i Freetown go deo ar an 14 Lúnasa 2017 agus tá aistear fada téarnaimh rompu.

**Ceisteanna leantacha:**

1. Cén fáth gur tharla an sleamhnú láibe? Cén SDG atá bainteach leis na fáthanna?
2. Cén tionchar a bhí ag an sleamhnú láibe ar mhuintir Sia Fanta ach go háirithe?
3. Cad iad na fadhbanna eile atá roimh an óige ar aon aois le Sia Fanta i Siarra Leon?
4. Conas a thug Trócaire agus a pháirtithe cabhair don phobal gortaithe sa ghearrthéarma, agus go fadtéarmach?
5. Conas is féidir le pobal na hÉireann cabhrú leis na daoine a d'fhulaing ón sleamhnú láibe, sa ghearrthéarma, agus go fadtéarmach?

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 5: ÁBHAR NA MAINGÍNÍ DÍNITE

3

Community Action to Restore Lives

Trōcaire

## TÁ AN tÁBHAR SEO SA MHAINGÍN DÍNITE

WAE YOU OPIN DIS BAG, NA DEN TIN YAH DAE INSAI


GALLÚNACH


TUÁILLE



BUICÉAD PLAISTEACH




COISCÍNÍ


CUARÁIN


CITEAL


PILLÍNÍ SLÁINTÍOCHTA


FO-ÉADAÍ NA MBAN


TÓIRSE


SCUAB FIACLA


PLUID


MÁLA LÁIDIR SIOPADÓIREACHTA



TAOS FIACLA



DÍGHALRÁN LÁMH


CUPÁIN & PLÁTAÍ PLAISTEACHA

# CEACHT 4: TRÓCAIRE: TEACHT ANIAR A SPREAGADH TRÍ CHUMHACHTÚ NA MBAN I SIARRA LEON

4

## ACMHAINNÍ LE HÚSÁID SA CHEACHT SEO

6+7+8

### GNÍOMHAÍOCHT 1: TRÓCAIRE I SIARRA LEON

20 Nóim

**Céim 1:** Scaip Bileog Eolais na Mac Léinn 6 le léamh ag na daltaí. Taispeáin an físeán Iar-bhunscoile faoi Siarra Leon ag: trocaire.org/globalgoals.

**Céim 2:** I bpéirí dóibh, ag baint úsáide as an mbileog eolais agus as an bhfíseán, caithfidh siad na bealaí ina dtacaíonn Trócaire le cumhachtú na mban i Siarra Leon a ainmniú (luaigh clubanna iarscoile, déileáil le hábhar conspóideach GBV, scéim choigiltis agus iasachtaí).

**Céim 3:** Cén tábhacht a bhaineann le comhoibriú 'Trócaire' le páirtithe áitiúla mar: an t-ionad dlí um rochtain ar chóir (AJLC) agus eagraíocht cheantar Kambia don fhorbairt agus don athshlánú (KADDRO). Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair le heagrais áitiúla? Cén fáth go bhfuil sé riachtanach go mbeadh Trócaire agus na páirtithe gníomhach go fadtéarmach san fhorbairt, chomh maith le freagra a thabhairt ar ábhar éigeandála?

### GNÍOMHAÍOCHT 2: AN GRÚPA CHOIGILTIS AGUS IASACHTAÍ

20 Nóim

**Céim 1:** Déan sé ghrúpa as an rang agus tabhair Bileog Eolais na Mac Léinn 7 do gach grúpa acu.

**Céim 2:** Tabhair 15 nóiméad dóibh leis na hiarratais ó bhaill éagsúla an phobail a léamh agus socrú a dhéanamh maidir leis an airgead sa chiste, nó cuid de a scaipeadh. Cuirfidh gach grúpa tuairisc os comhair an ranga maidir leis na cinntí a rinneadh. Iarr ar na mic léinn dúshlán a chur faoi na cinntí a rinne na grúpaí éagsúla.

### GNÍOMHAÍOCHT 3: COINBHINSIÚN UM IDIRDHEALÚ NA MBAN A DHÍOTHÚ

25 Nóim

**Céim 1:** Mínigh do na mic léinn le cabhair ó ghníomhaíocht 1 agus gníomhaíocht 2: má thugann an tsochaí tacaíocht do na mná, oideachas a fháil agus a bheith páirteach i gcinntí airgeadais a dhéanamh, go bhfuiltear á gcumhachtú le smacht a bheith acu ar a saol féin. Déan grúpaí agus iarr ar na daltaí cad iad na cúig bhealach oibre eile a chinnteodh nach bhfulaingeodh mná ó thír ar bith, an t-idirdhealú.

**Céim 2:** Scaip cóipeanna de Bhileog Eolais na Mac Léinn 8, a thugann na hairteagail a bhaineann leis an gcoinbhinsiún um idirdhealú na mban a dhíothú.

**Céim 3:** Sna grúpaí céanna, iarr orthu na cúig airteagal is tábhachtaí ón gcoinbhinsiún dar leo, a roghnú. Caithfidh gach aon ghrúpa tuairisc a thabhairt don rang ar na hairteagail a roghnaíodh, agus ar na fáthanna a bhain leis na cinntí. Coimeád cuntas de na hairteagail a roghnaíodh.

**Céim 4:** Nuair a bhíonn gach cuntas tugtha, déan amach cad iad na cúig airteagal is mó a roghnaigh an rang. Déan na torthaí a phlé. An raibh ábhar iontais ar bith ann? Ar aontaigh formhór an ranga leis na cinntí? Más rud é go raibh malairt tuairimí ann, cén fáth ar tharla sé sin, an dóigh libh?

unwomen.org/-/media/headquarters/attachments/sections/library/publications/2016/cedaw-for-youth.pdf?la=en&vs=657

# CEACHT 4: TRÓCAIRE: TEACHT ANIAR A SPREAGADH TRÍ CHUMHACHTÚ NA MBAN I SIARRA LEON



## GNÍOMHAÍOCHT 4: AIRD A THARRAINGT AR CHUMHACHTÚ NA MBAN AGUS COTHROIME INSCNE SA SCOIL

**Céim 1:** Tá deireadh na hacmhainne buailte linn. An dóigh leis na mic léinn go bhfuil gá ann le haird a tharraingt ar fud na scoile ar ábhar Chumhachtú na mBan agus Cothroime Inscne? Más ea, cad é an bealach is fearr leis an tionscnamh feasachta seo a chur i gcrích? Déan ransú smaointe leis an rang (póstaeir, múrphictiúir, taispeántais, tionóil, imeachtaí agus araile).



**Céim 2:** Mar rang iomlán, nó i ngrúpaí beaga, abair cad iad na gníomhaíochtaí thionscnamh feasachta is fearr a d'oirfeadh don scoil sin agaibhse. Is féidir an tábla thíos a úsáid le rangú a dhéanamh ar éifeacht agus ar thionchar na n-iarrachtaí.

| | Tionchar Lag | Tionchar Meánach | Ard-thionchar |
|---|---|---|---|
| Iarracht Lag | | | |
| Meán-Iarracht | | | |
| Ard-Iarracht | | | |

Nuair a bhíonn an ghníomhaíocht roghnaithe, pleanáilte agus curtha i gcrích, déan deimhin de é a chur isteach ar dhuais **Romero**. (Breis eolais: féach an bhileog eolais nó scríobh chuig: elisha.kelly@trocaire.org).




**Ábhar an mhaingín scoile a bhronnadh ar dhaltaí ar cailleadh a gcuid nuair a tharla an sleamhnú láibe ar imeall Freetown. Grianghraf: Trócaire.**

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 6: CUMHACHTÚ NA MBAN I SIARRA LEON

4

## CUMHACHTÚ EACNAMAÍOCH NA MBAN – AG TACÚ LE DORA

Sular tharla an galar Ebola, bhíodh Dora ag obair ar a feirm féin, agus ag díol ó sheastán seachtainiúil ag an margadh áitiúil. Bean cliste a oibríonn go dian í. Bhí ar a cumas gnó beag a reáchtáil go héifeachtach gan scolaíocht ar bith a bheith aici, rud a léiríonn an láidreacht agus an diongbháilteacht a bhaineann léi. Ba thrua nár chuir na tuismitheoirí ar scoil í, ach bhí sí cliste go leor lena cuid mhaith féin a dhéanamh den saol.

Nuair a fuair deirfiúr Dora, Yainkin bás den Ebola, ghlac Dora leis an triúr páiste. Bhí sí ag tabhairt aire do chúigear ansin, seachas an bheirt a bhí aici féin, ach ba chuma léi. Bhí ualach le hiompar aici, ach chabhraigh sise leo, agus chabhraigh siadsan léi chomh maith, toisc gur aon teaghlach amháin a bhí iontu anois.

Nuair a fuair Yainkin bás, bhí bac ar mhuintir Dora an teach a fhágáil. Ní fhéadfadh sí aire a thabhairt don fheirm, agus mar sin ní raibh soláthar go leor bia acu. Thug sí smailc ar maidin do na leanaí, agus rís don dinnéar dóibh. Ní raibh a dhóthain cothaithe ann do na páistí óga.

Ba iad KADDRO, páirtithe 'Trócaire' céad fhreagróirí na géarchéime i Kambia, ceann de na ceantair ba leochailí i Siarra Leon. Bronnadh soláthar bia agus earraí neamhbhia, uisce agus gualach ar an bpobal le freastal ar na bunriachtanais.

**Tacaíocht fhadtéarmach ó KADDRO**

Nuair a mhaolaigh ar an ngéarchéim, bhí triúr páiste sa bhreis ag Dora, le cothú agus le cur ar scoil, agus bhí tacaíocht uaithi le hioncam breise a thuilleamh.

Bhunaigh KADDRO grúpa feirmeoirí ban le cabhrú leis na teaghlaigh a d'fhulaing ón Ebola. Bhí ar Dora cead a lorg óna fear céile Alafia, dul isteach sa ghrúpa, agus thug seisean gach tacaíocht di. Tugadh síolta arbhair agus okra, gais chasabhaigh, fíniúna prátaí agus sicíní don ghrúpa. Chabhraigh na táirgí talmhaíochta ó fheirm an phobail le hioncam Dora agus leis na mná eile sa phobal.

Tá soláthar síol curtha le chéile anois ag Dora, rud a chiallaíonn nach gcaitheann sí airgead a thuilleadh ar shíolta nuair a thagann an t-am leis na barraí a chur. Tá ioncam breise aici trí na táirgí a dhíol, rud a chabhraíonn leis na táillí scoile ach go háirithe. Is féidir léi bia scamhardach de chaighdeán ard a cheannach do na leanaí.

Is breá léi a bheith páirteach i ngrúpa feirmeoireachta na mban, ach ní bhíonn sí cairdiúil ach amháin leis na daoine is cliste agus smaointí acu.



**Dora agus a muintir, Ceantar Kambia, Siarra Leon. Grianghraf: Mark Steadman**

Tá Dora dóchasach as na páistí. **'Níor mhaith liom go bhfásfadh Rugi ar aon dul le cailíní an cheantair a phósann go hóg. Ba mhaith liom go bhfanfadh Rugi ar scoil agus go mbeadh ardmheas uirthi i measc an phobail.'**

## CUMHACHTÚ EACNAMAÍOCH NA MBAN – SCÉIM CHOIGILTIS AGUS IASACHTAÍ AN TSRÁIDBHAILE

Is as sráidbhaile Kolisokoh, atá gar do bhaile Makeni i Siarra Leon Láir do Kanyiodsu Fornah.

Ceannaire pobail atá i Kanyiodsu agus baineann sí leis an gcomhlachas coigiltis agus iasachta mar chisteoir, agus mar dhuine den triúr shealbhóir eochrach a thugann aire don bhosca coigiltis. Bíonn cruinniú in aghaidh an Domhnaigh acu agus bítear ag súil leis go gcuirfidh gach ball 2000 leone in aghaidh na seachtaine leis an gciste. Aibreán 2017 bhí 780,000 leone i gciste Kolisokoh. Cabhraíonn an t-airgead leis an bpobal, le táillí scoile a íoc le haghaidh páistí an tsráidbhaile ach go háirithe.



**Kanyiodsu Fornah, Sráidbhaile Kolisokoh, Makeni, Siarra Leon. Grianghraf: Stephen Farley, Trócaire.**

Bíonn sí bainteach leis an tionscnamh áitiúil feirmeoireachta chomh maith. Tacaíonn Forbairt Salone (DESAL), páirtí le Trócaire i Siarra Leon leis an dá iarracht seo. Tugann DESAL agus Trócaire traenáil agus tacaíocht don phobal maidir le héagsúlacht barraí a fhás (práta milis, cur glasraí, agus barraí a bhaint le díol nó le hithe) agus bainistíocht a dhéanamh ar an gcoirceog pobal.

Reáchtáiltear an fheirm/gairdín mar chomharchumann agus is í Kanyiodsu an cathaoirleach. Bunaíodh an fheirm/gairdín mar mhalairt ar tháirgeadh gualaigh mar shlí bheatha, rud a rinne slad ar na coillte áitiúla.

Is fadhb mhór é an foréigean bunaithe ar inscne (GBV) sa sráidbhaile. Chuir An tIonad le Daonlathas agus le Cearta Daonna, páirtí eile le Trócaire, clár i bhfeidhm ar a dtugtar An tSíocháin Bheo, rud a thugann aghaidh ar an fhadhb, agus a mhaolaíonn ar mhinicíocht GBV sa bhaile trí ghaolta láidre sláintiúla a thógáil i measc mná agus fir céile, agus na leanaí. Foghlaimíonn na fir agus na mná a théann isteach sa chlár 'An tSíocháin Bheo' ar feadh trí mhí maidir le cúrsaí inscne agus an rud is dual d'fhir agus do na mná i Siarra Leon. Déanann siad plé faoin mbealach ina d'fhéadfadh cultúr agus traidisiúin na tíre cur le drochnósanna agus dearctha míchothroma i leith na mban agus na gcailíní. Déantar bealaí nua a lorg ina bhféadfadh na fir agus na mná maireachtáil go síochánta lena chéile. Ceann de na torthaí is tábhachtaí a bhaineann leis an gclár seo ná go mbíonn fir an bhaile istigh ón tús air chomh maith leis na mná.

Ba mhaith le Kanyiodsu go mbeadh tuilleadh tacaíochta ar fáil sa todhchaí le talamh a fháil agus a mhaoirsiú, go háirithe ó thaobh aire a thabhairt don choimín. Tá an t-ádh ar Kanyiodsu go bhfuil talamh ag an athair agus gur féidir léi an talamh a shaothrú a fhad is a bhaineann sí leis an teaghlach. Má phósann sise (nó bean ar bith) níl rochtain ar bith ar an talamh sin áfach.



**Míníonn Kanyiodsu na barraí a fhástar i ngairdín pobail an tsráidbhaile. Grianghraf: Stephen Farley, Trócaire.**




**Bosca scéim choigiltis agus iasachtaí an tsráidbhaile. Grianghraf: Trócaire.**

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 7: COMHLACHAS COIGILTIS AGUS IASACHTAÍ AN PHOBAIL

Baineann comhlachais choigiltis agus iasachtaí (VSL) le go leor sráidbhailte i Siarra Leon. Na daoine nó na teaghlaigh a cheanglaíonn leis an scéim, cuireann siad méid áirithe airgid i dtaisce in aghaidh na míosa. Ina dhiaidh sin is féidir leo airgead a fhail ar iasacht ar fháthanna éagsúla.

In bhur ngrúpa féin, lig oraibh gur sibhse coiste an chomhlachais coigiltis agus iasachtaí. Tá **800,000 leone** i dtaisce sa scéim de bharr choigilteas na bliana seo caite. Tagann cúig iarratas ar iasachtaí isteach chugaibh ó bhaill éagsúla. Caithfidh an coiste na hiarratais a mheas agus an iasacht a bhronnadh nó gan a bhronnadh. Caithfear cinneadh a dhéanamh maidir leis an airgead go léir a thabhairt amach nó cuid de a choimeád i dtaisce ar eagla na heagla. Líon isteach an tábla ag deireadh an leathanaigh oibre.

**Iarratas ar Iasacht 1:** Táillí Scoile



**Ainm:** Thomas Mawenga

**Airgead á Lorg:** 300,000 leone

**Fáth:** Tá cúpla iníon orm atá ullamh le dul isteach san iar-bhunscoil. Níl go leor airgid agam le táillí a íoc agus éide agus leabhair scoile a cheannach do scoil Makeni. Fuair mo bhean bás den ghalar Ebola agus bíonn sé dian orm obair a dhéanamh agus aire a thabhairt do na cailíní. Ba mhaith liom an scolaíocht a chur ar fáil don chúpla iníon ionas gur féidir leo an áit seo a fhágáil agus dul ag obair sa chathair, nó dul thar lear amach anseo. Níl mórán i ndán dóibh má fhanann siad anseo. Má chuirtear oideachas oiriúnach orthu beidh ar a gcumas obair a fháil agus airgead a chur ar ais le cabhrú linn anseo. Chiallódh sé sin go bhféadfainn breis airgid a chur isteach sa scéim dá bharr.

**Iarratas ar Iasacht 2:** Éagsúlacht Síolta




**Ainm:** Doris Bangura

**Airgead á Lorg:** 200,000 leone

**Fáth:** Tá rís á fhás agam le cúig bliana agus fiche in aice an tsráidbhaile. Fásaim casabhach chomh maith, dúinn féin agus do na comharsana. Ba mhaith liom cócó a fhás le díol ag an margadh áitiúil agus airgead a dhéanamh le caitheamh ar fheabhsúchán tí, táillí scoile agus breis síolta. Má éiríonn liom a leithéid a dhéanamh beidh ar mo chumas breis airgid a chur isteach sa scéim in aghaidh na míosa. Ba mhaith liom tuilleadh talún a cheannach, níos mó cócó a fhás, agus fostaíocht a chur ar fáil do dhaoine eile chomh maith.

**Iarratas ar Iasacht 3:** Sicíní agus Gabhair



**Ainm:** Marie Sesay

**Airgead á Lorg:** 350,000 leone

**Fáth:** Cailleadh m'fhear céile leis an ngalar Ebola. Níl talamh ar bith agam agus cónaím i dteach m'athair in éineacht le mo pháistí. Tá m'athair sásta paiste talún a thabhairt dom ionas go bhféadfainn sicíní agus gabhair a choimeád. Má fhaighim an iasacht ceannóidh mé dhá ghabhar agus cúig shicín. Béarfaidh na sicíní uibheacha dúinn agus is féidir iad a ithe nó a dhíol chomh maith. Gheobhaimid bainne ó na gabhair go dtí gur féidir iad a dhíol le marú. Bainfear úsáid as an mbrabach leis an iasacht a aisíoc agus beidh go leor fágtha le tuilleadh beithíoch a cheannach.

**Iarratas ar Iasacht 4:** Bácús



**Ainm:** Yeama Koroma

**Airgead á Lorg:** 450,000 leone

**Fáth:** Ba mhaith liom oigheann beag a thógáil sa chlós le harán a bhácáil, gach maidin. Bheadh cuid de á choimeád agam, agus cuid eile á dhíol ar thaobh an bhóthair i dtreo Makeni. Cabhróidh m'iníon leis an obair sin. Tá críochnaithe aici sa bhunscoil ach níl sé ar acmhainn againn ise agus mo mhac a chur go dtí an iar-bhunscoil i dteannta a chéile. Mar sin, beidh sí ag cabhrú liomsa sa bhácús. Beidh ar mo chumas cuid den airgead a fhaighim ón arán a dhíol, a chur ar ais isteach sa scéim coigiltis.

**Iarratas ar Iasacht 5:** Cóir Leighis



**Ainm:** Ishmael Kamara

**Airgead á Lorg:** 300,000 leone

**Fáth:** Buaileadh tinn mo bhean, agus caithfear leigheas oiriúnach a thabhairt di agus cóir leighis rialta ionas go mbeidh sí i gceart. Níl sé ar acmhainn agam íoc as an leigheas, nó as an lóistín nuair a bhím á tabhairt chun an ospidéil nuair a chuirtear cóir leighis uirthi. Tá ceathrar clainne orm agus is ar éigean is féidir bia a sholáthar dóibh. Má éiríonn le mo bhean an leigheas ceart a fháil, tiocfaidh biseach uirthi agus beidh sí in ann cabhrú liom ar an bhfeirm athuair. Ansin beidh ar mo chumas an iasacht a aisíoc.

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 7: COMHLACHAS COIGILTIS AGUS IASACHTAÍ AN PHOBAIL



**TÁBLA CINNTÍ**

| **Iarratas ar Iasacht** | **Méid á Lorg** | **Méid Tugtha** | **Fáthanna** |
|---|---|---|---|
| Bácús | 450,000 | 200,000 | Airgead don Oideachas, breis fágtha don scéim choigiltis |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# BILEOG EOLAIS NA MAC LÉINN 8: COINBHINSIÚN UM DHÍOTHÚ AR IDIRDHEALÚ I LEITH NA MBAN (CEDAW)

4

An Coinbhinsiún um Dhíothú ar Idirdhealú i Leith na mBan nó CEDAW mar a thugtar air, is ionstraim idirnáisiúnta dlí é a chuireann iallach ar thíortha an domhain gach saghas idirdhealaithe i leith na mban a dhíothú agus cearta cothroma na mban a chur chun tosaigh. Tugtar acht idirnáisiúnta cearta na mban go minic ar CEDAW. Faoin mbliain 2016, bhí 189 tír a dhaingnigh CEDAW.

Aithnítear go bhfuil géarghá ann agus gur réamhriachtanas é Cothroime Inscne a bhunú sula bhféadfaí forbairt inbhuanaithe a chur i bhfeidhm, agus tá naisc idir é agus gach SDG eile. Tá bunsraith mhaith cearta daonna ag cinnirí an domhain le sonrú sna SDG agus CEDAW. Tá an cumas agus na bealaí oibre le gach saghas idirdhealaithe i leith na mban agus na gcailíní a dhíothú le sonrú ansin, chomh maith le hamlíne feidhmithe agus freagrachta.

## Coinbhinsiún um Dhíothú ar Idirdhealú i Leith na mBan

**Cuid acu:**

**Airteagal 1:** Ciallaíonn idirdhealú i leith na mban go mbaintear a gcearta daonna díobh toisc gur mná amháin iad.

**Airteagal 2:** Tá idirdhealú i leith na mban in aghaidh an dlí.

**Airteagal 3:** Caithfear meas a bheith ar chearta daonna na mban.

**Airteagal 4:** Caithfidh gach tír, dlí ar leith a bheith ann le cinntiú go ndéileáiltear le mná agus le fir ar an mbonn céanna.

**Airteagal 6:** Ní ceart mná a dhíol mar sclábhaithe nó iad a chur le striapachas éigeantais.

**Airteagal 7:** Tá na cearta céanna ag mná mar atá ag na fir, vóta a chaitheamh nó a bheith tofa mar bhaill rialtais nó eagrais.

**Airteagal 8:** Ba cheart go mbeadh an deis chéanna ag mná agus ag fir an rialtas a ionadú taobh amuigh dá dtíortha féin.

**Airteagal 9:** Tá na cearta céanna náisiúntachta ag mná agus atá ag fir, agus an ceart a náisiúntacht féin nó náisiúntacht a gcuid páistí a athrú.

**Airteagal 10:** Caithfidh an rochtain chéanna ar oideachas a bheith ag mná agus ag fir.

**Airteagal 11:** Féachfar chuige go mbeidh na cearta céanna oibreachais ag mná agus atá ag na fir: pá comhionann, rogha poist, cúram sláinte, gan idirdhealú má phóstar iad nó má bheirtear páistí dóibh.

**Airteagal 12:** Ba cheart go gcuirfí an cúram céanna sláinte ar mhná agus atá ar fhir, agus go mbeadh seirbhísí breise sláinte mháthartha ar fáil dóibh.

**Airteagal 13:** Ba cheart go mbeadh na cearta céanna rochtana ar iasachtaí bainc agus creidmheas ag mná agus atá ag na fir, agus cead acu na cluichí agus na himeachtaí fóillíochta céanna a chleachtadh.

**Airteagal 14:** Ba cheart cúram ar leith a dhéanamh de na mná a chónaíonn i gceantair thuaithe le cinntiú go mbíonn na dálaí maireachtála, cúraim sláinte agus deiseanna oideachais chéanna acu agus atá ag cách.

**Airteagal 15:** Ba cheart go mbeadh na cearta dlíthiúla céanna ag mná, go háirithe ó thaobh seilbh a bheith acu ar mhaoin, nó maoin ar bith a dhíol.

**Airteagal 16:** Ba cheart go mbeadh na cearta céanna ag fir agus ag mná maidir le pósadh – saor-rogha pósta, na cearta agus na dualgais chéanna maidir leis an chlann, na cearta céanna maidir le maoin ar bith.

*unwomen.org/-/media/headquarters/attachments/sections/library/publications/2016/cedaw-for-youth.pdf?la=en&vs=657

# TIOMSÚ AIRGID DO 'TRÓCAIRE'

D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh i rith an Charghais le bheith gníomhach maidir le tiomsú airgid do 'Trócaire'. Is ábhar spóirt agus spreagtha do na daoine óga é a bheith páirteach ina leithéid. Cabhraíonn sé leo tuiscint agus scileanna a fhorbairt maidir le bheith ghníomhach agus freagrach mar shaoránaigh.

Má bhíonn siad páirteach sa tiomsú airgid beidh na daltaí ag tarraingt airde ar cheisteanna cóir sóisialta, chomh maith le bheith ag cruinniú airgid le cur ar chumas 'Trócaire' tacaíocht a thabhairt do mhuintir an domhain forbartha éalú ó ghreim na bochtaineachta.




**Mic Léinn Mheánscoil na Toirbhearta Baile Féitheán, Corcaigh, a d'eagraigh siúlóid urraithe le hairgead a thiomsú do 'Trócaire' i rith an Charghais.**

Bíonn bealaí éagsúla ann le hairgead a thiomsú ar scoil. D'fhéadfaí a leithéidí seo a reáchtáil: Boscaí 'Trócaire' a scaipeadh, dath gorm a chaitheamh ar feadh an lae, staonadh ó bhia, am tae do 'Trócaire', rothaíocht fhíorúil 'Trócaire', Lá an Laoich, tráth na gceist, siúlóid urraithe.

Tá tuilleadh moltaí ar fáil ag: trocaire.org/fundraise nó cuir téacs chuig: schoolsfundraising@trocaire.org.

BAILE ÁTHA CLIATH, ÉIRE
CRUINNIÚ DOMHANDA na dTEAGHLACH
21-26 LÚNASA 2018

Beidh Cruinniú Domhanda na dTeaghlach (WMOF) ag teacht chun na hÉireann sa bhliain 2018. Roghnaigh An Pápa Proinsias Baile Átha Cliath mar chathair óstach Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 21–26 Lúnasa 2018. Beifear faoi thionchar an téama **Soiscéal an Teaghlaigh: Lúcháir don Domhan** agus litir thréadach an Phápa Amoris Laetitia.

Tarlaíonn an ócáid idirnáisiúnta seo gach tríú bliain agus tugtar teaghlaigh ó gach cearn den domhan lena chéile le ceiliúradh a dhéanamh, le guí lena chéile, le machnamh a dhéanamh ar ról lárnach an phósta agus an teaghlaigh mar bhunchloch an tsaoil, na sochaí agus na hEaglaise.

Tá tuilleadh eolais ag: worldmeeting2018.ie.

Tacaíonn Trócaire le Cruinniú Domhanda na dTeaghlach ar bhealaí éagsúla. Ina measc cuirtear acmhainní ar fáil don Oideachas Forbartha agus don duais Romero.

Trócaire


## IS É TRÓCAIRE GNÍOMHAIREACHT FHORBARTHA THAR LEAR NA HEAGLAISE CAITLICÍ IN ÉIRINN

**Tá breis acmhainní ar fáil ag: trocaire.org/education**

# DÉAN AN IMIRCE A SCRÚDÚ MAR CHEIST NA CÓRA

## TEITHEADH ÉIGEANTACH: CÉN FÁTH NACH CEART NEAMHAIRD A DHÉANAMH DEN IMIRCE AGUS DE NA DÍDEANAITHE?

Acmhainn é seo atá dírithe ar na hardranganna sa bhunscoil agus ar dhaltaí na sraithe sóisearaí, le cabhrú leo scrúdú a dhéanamh ar na fáthanna go ndéantar dídeanaithe den oiread sin daoine a thagann ón tSiria nó ó thíortha eile. Bain úsáid as an acmhainn seo i gcomhar le hacmhainní eile maidir le teifigh atá ar fáil ar bhileoga oideachais 'Trócaire' ag: trocaire.org/sites/default/files/resources/edu/forced-to-flee-2017.pdf.




Curtha ar fáil ag an Fhoireann Oideachas Forbartha, Trócaire 2018. Údar: Stephen Farley

# BÍ LINN AR

**Facebook:** facebook.com/trocaireireland
bí i dteagmháil linn

**Twitter:** twitter.com/trocaire
ag giolcaireacht i gcónaí

**YouTube:** youtube.com/trocaire
tacaíonn sibh leis na daoine seo

**Flickr:** flickr.com/trocaire
tá an gailearaí grianghraf ag dul i méid

**Vimeo:** vimeo.com/trocaire
breathnaigh ar na físeáin

**Snapchat:** trocaireireland
lean na scéalta is déanaí

**Instagram:** instagram.com/trocaireonline
breathnaigh ar ár gcuid físeán agus grianghraf

# BÍ I DTEAGMHÁIL LINN

**MAIGH NUAD**
Maigh Nuad, Co. Chill Dara
01 629 3333
Ríomhphost chuig Mary Boyce ag: mary.boyce@trocaire.org

**BAILE ÁTHA CLIATH**
12 Sráid na hArdeaglaise
Baile Átha Cliath 1
01 874 3875
dublincentre@trocaire.org

**CORCAIGH**
9 Sráid an Chócaigh
Corcaigh
021 427 5622
corkcentre@trocaire.org

**BÉAL FEIRSTE**
50 Sráid an Rí
Béal Feirste BT1 6AD
028 90 808 030
infoni@trocaire.org

Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha a chur ar fáil in Éirinn.

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.